

"Cár chuaigh an Cailín Beag? le Roman Dobrzynski, déantóir scannán Polannach a d'fhoilsigh san iris ESPERANTO mhí na Feabhra 2005 é (aistrithe ón Esperanto ag Seán Ó Riain). Foilsíodh an leagan Gaeilge seo in FEASTA, Aibreán 2005.

Samhlaigh a leithéid seo: Páirc an Áthais sa chathair Shíneach Hefejo. Breacadh an lae. Folcann na chéad gaethe gréine slua daoine ag gleacaíocht. I slite éagsúla. Tá gean an phobail sa tSín ar an rince mar shaghas gleacaíochta. Tugann leoithne gaoithe ceol bog chugam ón dream ar ardán san uisce ... amhrán tíre Polannach faoi chailín beag a théann isteach sa choill. Le luas lasrach rithim chucu le mo cheamara, is éiríonn liom roinnt lánúin ag damhsa a chur ar scannán.

Mar sin a scríobh an chinniúnt dom tús do cheann de na scannán a bhí le déanamh agam do Theilifís na Polainne. Tús maith, leath na hoibre. An iarraidh seo an oiread iontaisí sa chéad radharc: a cúig ar maidin is Síneach ag damhsa válsa le ceol ó amhrán tíre Polannach!

Tugaim cur síos air seo, ní i ngeall ar mo thírghrá Polannach, ach ar an ábhar seo: láidríonn sé mo chreideamh sa bhua deiridh*, mar canadh an t-amhrán in ... Esperanto. Ní gá dul thar fóir leis an samhlaíocht chun an radharc sin a fheiceáil mar ghnáthrud san am atá romhainn, tar éis an bhua dheiridh, gan amhras. Ní raibh a fhios ag an gcara liom, Liu Jianguo, cad 'na thaobh go rabhthas ag canadh in Esperanto sa pháirc phoiblí ina chathair. D'fhreagair sé go ginearálta: "Sa tSín aistrítear a lán amhrán ceoil tíre go dtí an teanga idirnáisiúnta." Iontas eile: Is cosúil gur amhrán Síneach an t-amhrán Polannach a canadh in Esperanto!

Conas a tháinig sé go dtí an tSín? Is dócha gur mar seo a tharla: Fadó bhíodh dhá bhuíon rince agus ceoil sa Pholainn, a dtugtaí "Mazovio" agus "Silezio" orthu. Thaistilídis ar fud an domhain, mar "chártaí cuairte" oirice an stáit úd Pholannaigh. Chanadh an dá ghrúpa an t-amhrán faoin gcailín beag. B'fhurasta é a chur in oiriúint, fiú i gcúinní an domhain le cultúr an-éagsúil, i ngeall ar a cheol álainn simplí. Bhuaileas lena leithéid sa tSeapáin sa bhliain 1987 nuair a chan grúpa ógánach an "cailín beag" dom mar amhrán ... Seapánach.

Conas a leath an t-amhrán ar fud Esperantujo?*** Sa bhliain 1955 thosaíos ag foghlaim Esperanto. Ar nós roinnt eile de lucht Esperanto an ama úd, scríobhas dán sula rabhas in ann an tuiseal cuspóireach a úsáid. Toisc go raibh gean an phobail ar an amhrán faoin gcailín beag, d'aistríos go hEsperanto é. Ó réigiún Slask (Silezio) a tháinig an t-amhráin, ach cantar ar fud na Polainne é.

Bliain níos déanaí tháinig an file cáiliúil Esperanto Julio Baghy go Vársá ón Ungáir. San am sin bhí an Pholainn ag dul trína "réabhlóid Dheireadh Fomhair" gan dortadh fola. Ba thragóideach an chríoch a bhí ar an réabhlóid a thosaigh go díreach ina dhiaidh sin san Ungáir: chuir arm na Sóivéide faoi chois go fuilteach í. Ní raibh an file Ungárach in ann dul abhaile. Mar sin, d'fhan sé i Vársá ag múineadh cúrsaí Esperanto, inar ghlac slua mór Vársách páirt, go háirithe an óige.

Uair amháin fuair de mhíneach an iarracht lenár chaitheas mo chuid allais a

thaispeáint don fhile ard-ghradaim. Cheartaigh sé roinnt botún, dhein cúpla athrú, ach ghlac leis an iomlán go lách, rud a chuir le huailmhian m'óige. Seo an téacs:

Knabineto arbareton iris kun la ĝoj'
Kaj renkontis ĉasisteton sur la sama voj'.
Ĉasisteto, samvojano, mi salutas vin,
Vi ricevus buterpanon, sed mi manĝis ĝin.

Chuaigh cailín beag sa choill le áthas
Gur bhuail sí le fiagaí óg ar an slí chéanna.
"A fhiagaí óig ar mo shlíse, beannaím duit,
Gheofása im is arán, leis, ach táid ite agam."

Tugann tú faoi deara nár shroich an t-aistriúchán buaic na filíochta Esperanto, ach is véarsa beag simplí don phobal an buntéacs Polainnise freisin. An cúrfá an chuid is áille den amhrán, ach níl ansin ach athrá "la, la, la" ... B'fhéidir gur gur sin an fáth gur ghlac na Síningh is na Seapáinigh chomh fonnmhar leis, mar níl aon deacracht acu le foghraíocht "la". Ach níos déanaí a tharla sé sin. Níos luaithe, sa bhliain 1959, bhí comhdháil Iubhaile i Vársá (Nóta: céad bliain ó bhreith Zamenhof, údar Esperanto).

Tháinig a lán den óige, is bhí imeachtaí inar mhaith leo canadh. Bhí an "cailín beag" ina bhéal ag gach mac máthar, bíodh is nach raibh sé foilsithe. Ba dheacair aon rud a fhoilsiú in Esperanto an t-am úd. Thosaigh an "cailín beag" a beatha Esperanto go neamhspleách ar an údar. Ní go dtí 1964 a foilsíodh faoi m'ainm é, sa leabhar amhrán "Kantante tra Pollando"(ag canadh tríd an bPolainn), le Cumann Esperanto na Polainne. Cuireadh 4,500 cóip i gcló, rud a léiríonn neart na gluaiseachta sa Pholainn.

Ba mhinice i gcónaí cruinnithe idirnáisiúnta lucht Esperanto, bhí méadú ar líon na bPolannach a bhíodh ag dul thar lear. Leosan a chuaigh an "cailín beag" go codanna éagsúla Esperantujo. Thugas cuairt ar theaghlach Najera i Meicsiceo i 1977 - 13 dhuine, Esperanto go líofa acu go léir, agus, mar gach Meicsiceach, bhíodh cách ag canadh. Tráth dá raibh chualas "Knabineto arbareton..". Le tocht orm, chuireas ceist: "cá bhfuair sibh an t-amhrán sin?" "Sin amhrán ceoil tíre Danmhargach. - "Danmhargach? - a dúrt le hionadh. "Is ea, cainteoir Esperanto Danmhargach a thug cuairt orainn le déanaí, is a mhúin dúinn é."

I lár an Mheithimh 2004 ghlacas le cuireadh ó Roinn Gnóthaí Eachtracha na Síne dul chuig a dtír chun scannáin a dhéanamh do Theilifís na Polainne. Nuair a chríochnaigh tréimhse na haíochta oifigiúla bhí trí seachtaine fágtha roimh thús an "Universala Kongreso" (nóta: comhdháil bhliantúil Esperanto, le 3,000 i láthair) i mBeijing. Le cabhair ó lucht Esperanto ó Shanghai is ó Hefejo chaitheas tamall chomh taitneamhach gur gá dom buíochas a ghlacadh leat arís, Sinjoro Ludoviko***. D'éirigh liom scannáin a dhéanamh nach n-éireodh liom a dhéanamh laistigh de chlár na Roinne Gnóthaí Eachtracha. Tá Esperanto curtha cheana féin ar an dá scannán do Theilifís na Polainne, "Hefejo" agus "Pekina Kongreso".

Ar theacht ar ais chun na Polainne, chuas láithreach ar saoire Esperanto in Kudowa, ar theorainn na Seice. Leanann Lucht Esperanto Wroclaw an traidisiún cleachtadh Esperanto a chur le chéile le saoire ghníomhach thaitneamhach sna sléibhte. Cuid den traidisiún an ceol. Tugadh leabhar amhrán do gach duine, ina raibh an "cailín beag" le téacs ina raibh curtha véarsa curtha le mo théacs. Cérbh é mo "chúntóir? Níl tuairim agam, mar níor cuireadh ceachtar den dá ainm sa leabhar. Rud nach annamh is nach iontach. Thacaigh sin le feiniméan suimiúil: tá a shaol féin ag an amhrán in Esperantujo, mar atá ag a "deirfiúr" Polannach. Is minic a thugas a leithéid faoi ndeara, ag canadh "Knabineto" le scata Esperantóirí nach raibh acu, is nár ghá go mbeadh, gur mise údar an téacsa.

Ar aon nós léiríodh go soiléir gur mé an t-údar sa leabhar nua "Kantoj por Ghojo" (Amhráin áthais), a fuairéas ó mo sheanchara Seiceach, an foilsitheoir Petro Chrdle. Bean Petro, Stanislava, a d'éag i bhfad ró-luath, a chuir an leabhar i dtoll a chéile. Bailiúchán de na hamhráin "a thaitníonn" le lucht Esperanto a dhein sí, is b'ábhar áthais dom gur mheas sí mo "chailín beag" a bheith ina measc sin. Bhí nóta gur "amhrán tíre Polannach" an t-amhrán, rud a chruthaigh fadhb do Petro: scríobh Seiceach chuige gur léir gur "amhrán Seiceach" an t-amhrán, ó dheisceart na Bóihéime.

Cad atá le déanamh anois? Staidéar acadúil faoi cén pobal ar leis an "Knabineto"? B'fhéidir gur amhrán Slóvacach é. Measaim nach gá aon rud a dhéanamh. Is leor gur shroich an cailín ar a slí chun na coille a lán tíortha, a bhuíochas sin le hEsperanto. Bronnaimis saoránacht Sheiceach air, chomh maith le saoránacht Pholannach, Dhanmhargach, Shíneach agus Sheapánach. Nílím ina choinne go gcanfadh Brasaíligh, Aifricigh, Sualainnigh is Eiscimigh, leis, é. Ansin a bhainfeadh taitneamh as an mbua deiridh dáiríre.

Críoch.

* bua deiridh: "fina venko" in Esperanto, .i. an bua ag Esperanto mar theanga idirnáisiúnta.

** Esperantujo: "tír" Esperanto, .i. gach áit sa domhan a mbailíonn cainteoirí Esperanto le chéile. Deirtear go mbíonn cruinniú áit éigin gach lá sa bhliain.

*** Sinjoro Ludoviko: Lukvik Zamenhof, an fear a chuir tús le hEsperanto i Vársá sa bhliain 1887.